## Ról na nEalaíon i dTírdhreach Athraitheach an Oideachais leis an Ollamh Anne Bamford




An tOllamh Anne Bamford ag labhairt ar Lá Náisiúnta do na hEalaíona san Oideachas 2017

Tá an tsochaí i lár tréimhse lena mbaineann athruithe nach bhfacthas riamh. Bíonn tionchar díreach ag na hathruithe seo ar oideachas agus na freagairtí a bhíonn ag scoileanna do na dúshláin agus na deiseanna athraithe. Rinne mé comparáid in amanna idir na hathruithe seo agus súnámaí, ach tá ráite ag criticeoirí nach í analach an tsúnámaí is fearr mar go gcuirtear scrios in iúl, seachas deis. Is é bun agus barr an scéil faoi mheafar an tsúnámaí, áfach, ná go mbíonn líon comharthaí rabhaidh ann sula dtagann an súnámaí i ndáiríre. Mar shampla, tosaíonn an talamh ag creathadh, bíonn luaineacht neamhghnách ar leibhéal na farraige, tránn an t-uisce ó thrá gan choinne agus d'fhéadfadh tonnta móra tarlú go neamhghnách. Seachas na fíricí eolaíochta seo, deir daoine áitiúla i gceantair atá tugtha do shúnámaithe go dtugann siad luaile neamhghnácha faoi deara i measc na n-éan agus na n-iasc agus go dtagann athrú ar chrainn agus ar phlandaí eile fiú. Is é bun agus barr an scéil ná go bhfuil roinnt comharthaí ann maidir leis an athrú atá le teacht ach go ginearálta ní dhéanann daoine neamhaird orthu seo agus iad ag leanúint lena ngnó laethúil agus iad iomlán dall ar a bhfuil le teacht. B'fhéidir go bhfuil scoileanna mar sin. Leanann siad ar aghaidh den chuid is mó lena ngnó rialta agus déanann siad neamhaird ar na tosca athruithe (mar a bheadh súnámaí ann) atá díreach amach rompu ar aghaidh na farraige.

***Sa saol, tá eolaíocht agus ealaín idirspleách agus is beag tábhacht a bhaineann le scríbhneoireacht nó matamaitic mura gceanglaítear iad le scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceardaíocht aeistéitiúil.***

Bíonn curaclam atá bunaithe ar ábhair den chuid is mó ag formhór scoileanna fiú má bhíonn a fhios againn i ndáiríre nach smaoiníonn daoine nó go n-oibríonn siad i réimse ábhar scoite. Sa saol, tá eolaíocht agus ealaín idirspleách agus is beag tábhacht a bhaineann le scríbhneoireacht nó matamaitic mura gceanglaítear iad le scríbhneoireacht chruthaitheach agus ceardaíocht aeistéitiúil. De réir mar a leanann eolas ag leathnú, bíonn idirghníomhú ar ábhair dhifriúla ag teastáil ó thuiscint dhaonna.
Feicimid freisin athruithe sciobtha sna daonraí. Léiríonn ár scoileanna na héifeachtaí de dhomhandú méadaithe agus, ag an am céanna, brú le haghaidh níos mó indibhidiúlaithe. I mórán tíortha tá ardú mór tagtha ar rátaí luathfhágálaithe i scoileanna. Léirigh córais scoile um dhearbhú cáilíochta, seachas 'an bhearna a laghdú', go bhfuil figiúirí loma ann faoi shochaí atá roinnte ina codanna difriúla níos mó agus níos mó agus dá réir sin go bhfuil bearna níos mó gnóthachtála idir na daoine atá ina suí go te agus iad siúd nach bhfuil.

***Cé go bhfuil athrú ar gach gné de shochaí le 100 bliain anuas, is beag athrú atá tagtha ar scoileanna ar chor ar bith.***

Le gairid bhí mé an chartlann san obair á glanadh amach agam agus i measc na bpáipéar d'aimsigh mé cárta tuairiscithe ó 100 bliain ó shin. Níl a fhios agam cén fáth ar coinníodh é. B'fhéidir nach raibh ann ach roinnt den raic mhara a thagann i dtír ar chladaigh riarachán lár nuair a dhúnann scoil. Ach thug an cárta tuairiscithe an-léargas. Liostáladh na hábhair scoile - léitheoireacht, teangacha, litriú, scríbhneoireacht, uimhríocht, stair, saoránaíocht, tíreolaíocht, eolaíocht, corpoideachas, líníocht agus ceol. Rith sé liom go raibh siad beagnach díreach mar an gcéanna leis na hábhair scoile i scoil an lae inniu. Is beag atá athraithe le 100 bliain anuas.

Bhí marcanna le haghaidh obair baile san áireamh ar an gcárta tuairiscithe céanna. Anseo áfach, chonaiceamar ionchais a bhí go hiomlán difriúil - ag bleán na mbó, ag tabhairt aire do na héanlaith chlóis, ag glanadh do sheomra, ag ní na soithí, agus 'nósanna coigiltis', ainm den scoth dar liom. Léirigh an cárta tuairiscithe, a bhí lámhscríofa le dúch dubh ar chairtchlár ar dhath muisiriúin, cé go bhfuil athrú ar gach gné de shochaí le 100 bliain anuas, is beag athrú atá tagtha ar scoileanna ar chor ar bith.

Anois, b'fhéidir go bhféadfaí a argóint nach gá do scoileanna athrú mar gheall go bhfuil siad ag dul chun cinn i gceart, go bhfuil siad in ann leanúint ar aghaidh le jab maith a dhéanamh le 100 bliain anuas. Is cinnte go bhfuil oideachas an-mhaith ar fáil in Éirinn má chreidimid próiseas tástála oideachais idirnáisiúnta PISA. Bíonn sé de nós ag scoileanna Éireannacha a bheith sna deich dtír is fearr ar domhan nó díreach lasmuigh díobh sna torthaí i matamaitic, léitheoireacht agus eolaíocht. Tá Éire suite díreach faoin Astráil agus beagán níos fearr ná an tSlóivéin. Tá Éire sé háit chun cinn ar an Ríocht Aontaithe. Déanann an tástáil PISA scoláirí 14 bliana d'aois a mheas chun a leibhéal de scileanna scoileanna sách traidisiúnta a fháil amach, ach an iad seo an grúpa is tábhachtaí de thrí réimse foghlama is féidir a thabhairt do leanaí chun a dtodhchaí a chosaint? Chomh maith leis sin, an bhfuil an tástáil féin ina rogha chothrom? Má dhéanaimid dreapadóireacht ar chrainn a thástáil, an bhfuil sé cothrom ar dheilfeanna ar ainmhithe iad atá dochreidte cliste agus iomasach gan amhras, nó an bhfuil sé cothrom ar thoirtísí nó crogaill a bhfuil teist na mblianta éabhlóideacha déanta acu? Ciallaíonn an méid a ndírítear air nuair a mheasaimid rud éigin, go dteipeann orainn cáilíochtaí eile a fheiceáil atá fágtha amach as an lionsa measúnaithe.

***Ar cheann de róil na n-ealaíon sna scoileanna, b'fhéidir, tá ligean 'don duine eile' an beart a dhéanamh.***

Mar sin ar cheann de róil na n-ealaíon ar scoileanna, b'fhéidir, tá ligean 'don duine eile' an beart a dhéanamh. Tomhaiseann na Náisiúin Aontaithe tíortha bunaithe ar a dtugann siad 'Innéacs Dea-Shaoil'. San Innéacs Dea-Shaoil, léiríonn na tomhais oideachasúla go bhfuil Éire ag déanamh go maith. Maidir le hoideachas, tá Éire níos sásta ná an Ríocht Aontaithe, ach ní chomh sásta leis na Gearmánaigh.

Is í an argóint eile a dhéantar go minic le haghaidh na n-ealaíon agus go háirithe na cruthaitheachta ná go gcruthaíonn sé cineál oibreoirí cruthaitheacha agus nuálacha a bheidh ag teastáil ón tír amach anseo. Cinnte, tá ceantair i mBaile Átha Cliath faoi rath mar mhaighnéad do ghnólachtaí nuálacha agus do dhaoine cruthaitheacha. Insíonn na heacnamaithe dúinn go bhfuil na hearnálacha cruthaitheacha ag leanúint orthu ag leathnú ar fud na hEorpa. Léiríonn Innéacs Eorpach Nuálaíochta go bhfuil Éire os cionn an mheáin Eorpaigh maidir le nuálaíocht ach laistiar de gach ceann de na tíortha Nordacha, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Ostair agus an Ríocht Aontaithe. Maidir le fostaíocht chultúrtha, tá Éire sa 22ú háit sna figiúirí Eorpacha, laistiar den Chipir agus mar an gcéanna leis an gCróit agus faoin meán Eorpach ar díreach 3% d'fhostaíocht ar an iomlán. B'fhéidir mar sin, go mbeadh formhór na n-ealaíon sna scoileanna Éireannacha ag spreagadh cruthaitheachta agus ag cur le nuálaíochtaí amach anseo.

Leis na déimeagrafaigh a bhíonn ag athrú inár scoileanna, is féidir leis na healaíona sna scoileanna a bheith ann chun cultúr a cheiliúradh, chun cur ar chumas na ndaoine bheith faoi bhláth. Is féidir le gníomhaíochtaí ealaíon agus cultúrtha cabhrú le leanaí ciall a bhaint as a bhforbairt chognaíoch, fhisiceach, mhothúchánach, spioradálta, theangeolaíoch, agus mhorálta trí chur leis an gcuraclam iomlán. Tá éifeacht de thaithí cultúrtha leanbaíochta an-láidir. Má thugtar spreagadh do leanbh páirt a ghlacadh sna healaíona, méadaítear na deiseanna le bheith gníomhach mar thomhaltóir gníomhach ealaíon mar dhuine fásta. Léirigh staidéir amhail an clár *Find Your Talent* i Sasana gur gá go mbeadh cultúr **sa** scoil más rud é go bhfuil sé chun an daonra ar fad a shroicheadh, seachas an dream atá ina suí go te agus sin amháin. Bíonn leibhéal an spreagtha ó thuismitheoirí difriúil ag brath ar chúlra an teaghlaigh agus déimeagrafaic phearsanta. Is mó seans go mbeidh leanaí ag gabháil do na healaíona má bhíonn

ardstádas sóisialta ag a gcuid tuismitheoirí. Mar an gcéanna, is mó seans go bhfaighidh cailíní agus leanaí geala spreagadh seachas buachaillí agus leanaí nach bhfuil geal. Dar leis an mBaraiméadar Eorpach de Rannpháirtíocht Ghníomhach Ealaíonta, ar an drochuair níl Éire sa chéad deich n-áit agus tá sí faoin meán Eorpach.
Tarraingíonn mórstaidéar, a rinne ESRI thar ceann na Comhairle Ealaíon in Éirinn, ó shonraí ó *Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI)* ar rannpháirtíocht ealaíon agus cultúrtha a mheas go sonrach i measc daoine 3, 5, 9 agus 13 bliana d'aois. Thomhais an staidéar an tionchar a bhíonn ag rannpháirtíocht ealaíon agus cultúrtha ar fhorbairt chognaíoch agus folláine mhothúchánach leanaí agus daoine óga in Éirinn. Fuair an staidéar amach gur fearr a bhíonn leanaí Éireannacha a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí ealaíona agus cultúrtha le hobair scoile; go mbíonn dearcthaí dearfacha acu i leith na scoile; go bhfuil 'féiníomhá acadúil' níos fearr acu; go bhfuil siad níos sona agus níos lú imní orthu; go bhfuil scileanna acadúla níos fearr acu; go bhfuil níos lú deacrachtaí sochmhothúchánacha acu; go bhfuil forbairt chognaíoch níos fearr acu; go bhfuil spéis níos leithne acu sna healaíona lasmuigh d'uaireanta scoile; agus, go bhfuil níos mó seans ann go léifeadh siad go minic lasmuigh den scoil. In ainneoin na dtionchar seo, fuair an staidéar amach freisin go bhfuil deacrachtaí inscne suntasacha sa rannpháirtíocht de bhuachaillí agus de chailíní. Bhí difríochtaí socheacnamaíocha freisin ann le leanaí ar ioncam teaghlaigh íseal nach bhfaigheann an taithí chéanna ar na healaíona. Maidir le teaghlaigh inimirceacha a bhfuil leanaí óga acu, bíonn an teanga ag teacht aníos mar bhac ar rannpháirtíocht sna healaíona. Cé go bhfuil teaghlaigh le leanaí óga a bhfuil míchumais orthu an-rannpháirteach go ginearálta i ngníomhaíochtaí cultúrtha, bíonn bacainní ann páirt a ghlacadh ar aoiseanna 9 agus 13, le níos lú leanaí a bhfuil riachtanais speisialta orthu ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí cultúrtha struchtúrtha.

Mar sin, céard a chiallaíonn an méid sin ar fad sna scoileanna? Cén chaoi ar féidir le múinteoirí foghlaim a fheabhsú sa seomra ranga?

## *Is scil atá ag éirí níos tábhachtaí í litearthacht amhairc agus is féidir í a fhorbairt trí gach ábhar.*

Tá ceithre phríomhbhealach ar féidir na healaíona agus an chruthaitheacht a spreagadh sa seomra ranga.

1) **Oideachas sna healaíona:** Ciallaíonn an méid seo am curaclaim a dhíriú ar cheol, na hamharc-ealaíona, drámaíocht, damhsa, agus na meáin. Mura bhfuil na múinteoirí muiníneach sna healaíona bain triail as nascadh le healaíontóirí gairmiúla (comhpháirtíochtaí ealaíona) nó clubanna ealaíon agus oibrithe deonacha áitiúla. Mar shampla, tá go leor ceantar a bhfuil bannaí áitiúla, grúpaí amharclannaíochta agus eagraíochtaí damhsa den scoth acu a bheadh sásta a bheith rannpháirteach leis an scoil. Cuardaigh deiseanna chun na daltaí a thabhairt chuig ceolchoirmeacha, imeachtaí amharclainne, léitheoireachtaí leabhar sa leabharlann áitiúil agus cuairteanna chuig taispeántais ealaíne nó stiúideonna ceoil.
2) **Oideachas trí na healaíona:** Seo é an t-am ina n-éiríonn leat go leor de na healaíona a chur isteach sna réimsí ábhar eile. Mar shampla, cuir na daltaí ag scríobh scripte. Is féidir an ghníomhaíocht seo a dhéanamh le beagnach aon ábhar. Sna healaíona teanga, cuir na daltaí ag leasú scéal gairid i script. I stair, cuir na daltaí ag athchruthú imeacht stairiúil. In eolaíocht, is féidir leis na daltaí comhrá a chumadh idir ceimiceacha nó adaimh éagsúla. I matamaitic, is féidir script a chumadh chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi le próiseas matamaitice a dhéanamh nó athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar a d'fhoghlaim na daltaí. Is féidir leis na daltaí a gcuid scripteanna a chur i láthair agus na daltaí eile ag féachaint orthu chun a gcuid foghlama a neartú ar bhealach cinéistéiseach. Is scil atá ag éirí níos tábhachtaí í litearthacht amhairc agus is féidir í a fhorbairt trí gach ábhar. Spreag na daltaí chun a gcuid foghlama a tharraingt nó líníochtaí a dhéanamh dá bhfoghlaim. Is féidir leat réimse teicneolaíochtaí nua a chuimsiú chun picteagraif agus léiriúcháin amhairc d'eolas a chruthú. Feabhsaítear coinneáil i gcuimhne agus nascacht nuair a dhéantar an fhoghlaim a achoimriú tríd an tarraingt. Is féidir cur le teangacha iasachta a fhoghlaim trí dhrámaíocht agus amhránaíocht agus is féidir damhsa a úsáid go héifeachtach chun coincheapa matamaiticiúla agus eolaíochta a mhúineadh. Tá ceol matamaiticiúil go nádúrtha agus is féidir matamaitic agus ceol a nascadh chun cabhrú le codáin, eatraimh, comparadóirí agus coincheapa eile a fhoghlaim. Teastaíonn fíorbheagán ullmhúchán breise ó na múinteoirí le haghaidh na smaointe seo, ach teastaíonn go leor foghlama agus samhlaíochta níos casta ó na daltaí.
3) **Ealaíon mar oideachas**: I gcaitheamh na n-aoiseanna, bhain daoine úsáid as na healaíona mar mheán foghlama. Mar shampla, is féidir linn go leor a fhoghlaim faoi chomhbhá agus atrua trí bhreathnú ar scannán nó trí dhamhsa a chruthú. Nuair a fhéachaimid ar Guernica de chuid Picasso foghlaímid go leor faoi stair agus

cur amú an chogaidh. Cuir ceist ar dhaltaí “fuaimrian” a chruthú le haghaidh scéil, seicheamh d’imeachtaí stairiúla, nó saolré bitheolaíoch. Tabhair na daltaí chun dráma a fheiceáil a dhéanann nasc leis an gcuraclam nó aimsigh saothar ealaíne a bhaineann leis an téama atá faoi staidéar. Cuir na healaíona i láthair sa tsraith mheasúnaithe. Seachas dul faoi scrúdú i gcónaí nó freagra a scríobh b’fhéidir go bhféadfadh na daltaí póstaer, bróisiúr, nó fógra a chruthú nó is féidir leat ealaín, ceol, nó damhsa a úsáid mar leid scríbhneoireachta nó mar spreagadh measúnaithe.

4) **Oideachas mar ealaíon:** Nuair a thugann tú tuiscint chruthaitheach, chultúrtha agus aeistéitiúil ar fhoghlaim chuig an seomra ranga is féidir leat sórt ‘Ábhar Iontais’ a chruthú ina n-iompaíonn oideachas ina eispéireas ealaíonta. Más rud é gur léigh tú scéal maith do leanaí, is féidir leat an nóiméad sin a bhrath nuair a fhágann na leanaí domhan an tseomra ranga laistiar díobh. Ag an bpointe sin is é an múinteoir an taibheoir, agus tá na daltaí tar éis dul isteach i ndomhan na samhlaíochta. Nuair a tharlaíonn na hamanna draíochtúla seo níl foghlaim mar thabhairt chun cuimhne nó cuid den churaclam níos mó ach téann sé isteach sa domhan ealaíne.

Molaim go dtosaíonn tú ar scála beag agus go gcuirfidh tú leis an méid ratha a bheidh agat. Creidim go láidir i ‘dtástáil phíolótach’ a thabhairt ar rud - má oibríonn sé is féidir leat do chuid smaointe nuálacha iontacha a leathnú amach agus mura n-oibríonn sé, is féidir leat ‘náire a sheachaint’ ach é a úsáid mar shampla de do chleachtas turgnamhach agus machnamhach agus rud eile a thriail! Mar sin, glac na céimeanna cróga chun foghlaim a athrú don todhchaí. B’fhéidir ansin, nach mbraithfidh athrú mar shúnámaí ach go mbeidh sé ag braith mar a bheadh duine ag marcaíocht ar chírín. Bain taitneamh as an tonnmharcaíocht!

*Tá an tOllamh Anne Bamford ina Stiúrthóir ar an gCoimisiún Oideachais agus ar an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Taighde. Tá Anne aitheanta ar fud na tíre agus an domhain mar gheall ar a taighde ar oideachas ealaíon. Is saineolaí í sa ghné idirnáisiúnta oideachais agus trína taighde, chuaigh sí sa tóir ar dheacrachtaí nuálacha, ar thionchar sóisialta agus ar chothromas agus éagsúlacht. Mar scoláire domhanda EOECNA, tá Anne tar éis staidéir mhóra náisiúnta tionchair agus meastóireachta a dhéanamh do na rialtais sa Danmhairg, san Ísiltír, sa Bheilg, san Íoslainn, i Hong Cong, in Éirinn agus san Iorua. I measc a cuid alt agus caibidlí leabhar, tá Anne mar údar ar "Wow Factor: Global research compendium on the impact of the arts in education" a foilsíodh i gcúig theanga agus a dáileadh i níos mó ná 40 tír.*

ARTS IN EDUCATION
Na hEalaíona san Oideachas

Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2017